2016. M91CST

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Gairmchlár na hArdteistiméireachta

## Nascmhodúil

## Cás-Staidéar 2016

# TIONSCADAL POBAIL GHLEANN ÓIR

Is baile beag gleoite é Gleann Óir a bhfuil thart ar dhá mhíle duine ina gcónaí ann. Tá sé suite 80 km ó chathair mhór agus timpeall 30 km ó thrí bhaile mhóra. Eagraíocht ghníomhach fhorásach is ea Coiste Forbartha Ghleann Óir. Tá forbairt pobail ar siúl acu le blianta fada. Bíonn na páirtithe leasmhara ag obair go dian ar cheisteanna atá tábhachtach acu. Le tamall anuas, toisc daoine a bheith níos dóchasaí anois faoin ngeilleagar áitiúil, tá iarracht ar bun ag an gcoiste díriú ar shlite nuálacha chun cur le rath an bhaile.

Tá Páirc Foraoise Ráth Lú suite in aice láimhe i measc bhunchnoic áille Ghleann Óir. 1,200 heicteár nó mar sin atá sa pháirc. Le blianta beaga anuas, tá Coiste Forbartha Ghleann Óir ag obair go dian chun an pháirc iontach seo a fhorbairt. Tá 20 km de chonairí lúbarnacha ar leibhéil éagsúla deacrachta ann le haghaidh siúlóidí anois. Tá ionad súgartha nua-aimseartha do pháistí agus láthair phicnicí ann gar don pháirc. Ritheann Abhainn an Chuain ar feadh fhad iomlán na páirce. Bíonn daoine ag iascaireacht inti agus d’fhéadfaí í a úsáid le haghaidh spóirt uisce chomh maith. Creideann an coiste gur féidir leas a bhaint as acmhainní nádúrtha Ghleann Óir ar mhaithe leis an gceantar féin.

Tá Coiste Forbartha Ghleann Óir tar éis tionscadal chun an baile a fheabhsú a chríochnú. Ar na nithe a rinne siad, chuir siad suas cuaillí ornáideacha nua agus bolgáin ardéifeachtúla solais orthu in áit na seansoilse neamhéifeachtúla. Chomh maith leis sin, cuireadh ciseáin bláthanna ar crochadh ar fud an bhaile agus plandáladh a lán bláthanna i bpotaí móra chun cur le hatmaisféar na háite. Maisíodh an baile go mór leis an obair feabhsúcháin a rinneadh agus ba é an toradh a bhí air sin gur bhain an baile duais le déanaí i nGradaim na mBailte Slachtmhara.

Tá gnóthachan suntasach airgid ann de thoradh ar an méadú mór ar dhea-thoil an phobail i gcoitinne le blianta beaga anuas, a fhianaise sin an méadú san ioncam ón turasóireacht. Mar sin féin, tá deis ann é sin a fheabhsú tuilleadh. Faoi láthair, tá baill den choiste ag forbairt suíomh gréasáin agus aip le haghaidh fóin chliste ar son an bhaile. Gach eolas faoi Ghleann Óir a bheadh ag teastáil ó chuairteoir, beidh sé ar fáil ar an suíomh gréasáin agus ar an aip. Is mór an tairbhe a bhainfidh na cuairteoirí agus muintir na háite araon as na forbairtí sin.

Tá Coiste Forbartha Ghleann Óir ag pleanáil a oiread leasa agus is féidir a bhaint as acmhainní nádúrtha iomadúla an cheantair. Bhí cruinniú ann le déanaí de na páirtithe leasmhara go léir agus as an bplé a bhí acu tháinig tionscadal gearrthéarma agus tionscadal fadtéarma. Aontaíodh gur tionscadal é ‘Dúshlán Gníomhach Ghleann Óir, 2016’ a d’fhéadfaí a chur i gcrích sa ghearrthéarma. Beidh fáilte roimh dhaoine a bheidh ag rith agus roimh dhaoine a bheidh ag siúl. Beidh raonta éagsúla in úsáid, cuid acu éasca agus cuid acu an-deacair ar fad, rud a chiallaíonn gur féidir lánúsáid a bhaint as Páirc Foraoise Ráth Lú. Is féidir leis an gcoiste cur isteach ar chabhair deontais a chuirfeadh maoiniú ar fáil chun an trealamh riachtanach sábháilteachta a cheannach agus chun dul i mbun feachtais mhargaíochta agus cur chun cinn. Tá cainteanna ar siúl go fóill faoi cé acu ba chóir carranna lónadóireachta a cheadú sa pháirc le linn na hócáide nó nár chóir. Tá an réamhphleanáil, agus an chomhairle le pobail a rinne an saghas céanna tionscadail roimhe, thar a bheith tábhachtach. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh slua mór daoine go dtí an baile agus, má éiríonn leis an ócáid, beifear ag féachaint lena chur ar siúl gach bliain.

Tar éis bheith ag caint le grúpaí ó cheantair eile a bhfuil taithí acu ar fhorbairt pobail, agus le daoine agus le gnólachtaí áitiúla, tuigeann an coiste go mbeidh rath an cheantair san am atá le teacht ag brath ar fhorbairt chuí na n-áiseanna agus na n-acmhainní nádúrtha áitiúla. Mar gheall air sin, tar éis díospóireachta a bhí beo bríomhar, socraíodh ar ‘Siúlóid Eachtraíochta Bharr na gCrann’ mar thionscadal a bhféadfaí tabhairt faoi san fhadtéarma. Beidh anailís LLDB, staidéar indéantachta agus pleanáil fhadtéarmach le déanamh. Beidh na páirtithe leasmhara ar fad páirteach i bhforbairt agus i gcur i gcrích an tionscnaimh nua seo. Tá na cuairteoirí agus muintir na háite araon ag tnúth le dul amach ar thimpeallacht na tuaithe ar an mbealach nua nuálach seo. Tuigeann an Coiste Forbartha go bhfuil rath an bhaile san am atá le teacht ag brath ar a gcumas infheistíocht a mhealladh agus a bhainistiú, agus leanúint orthu ag an am céanna ag forbairt an bhaile mar ionad iomaíoch turasóireachta agus fóillíochta.